2024/1383

13.6.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE UIMH. 307/2023**

**an 8 Nollaig 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1383]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/1329 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid polairicineoláite polaigliocróil (E 476) agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí maidir le gliocról (E 422), eistir pholaigliocróil d'aigéid shailleacha (E 475) agus polairicineoláit pholaigliocróil (E 476) ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2023/1428 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2023 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a mhéid a bhaineann le monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha (E 471) ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 maidir le hullmhóid in–1,3(4) béite-ghlúcanáise arna táirgeadh ag *Aspergillus fijiensis* CBS 589.94 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus bainbh scoite (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd., atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1811/2005 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1259/2004 ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333 aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1259/2004 ón gCoimisiún ([4]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(5) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha agus ábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha agus ábhair bhia ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I agus sa réamhrá i gCaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 1zzr (Rialachán (CE) Uimh. 1811/2005 ón gCoimisiún):

'- **32023 R 1333**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 106).'

([1]) IO L 166, 30.6.2023, lch. 66.
([2]) IO L 175, 10.7.2023, lch. 6.
([3]) IO L 166, 30.6.2023, lch. 106.
([4]) IO L 239, 9.7.2004, lch. 8.

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 504 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1173 ón gCoimisiún):

   ‘505. **32023 R 1333**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 maidir le hullmhóid in–1,3(4) béite-ghlúcanáise arna táirgeadh ag *Aspergillus fijiensis* CBS 589.94 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus bainbh scoite (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd., atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1811/2005 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1259/2004 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 106).’

3. Scriostar téacs phointe 1zs (Rialachán (CE) Uimh. 1259/2004 ón gCoimisiún).

*Airteagal 2*

Caibidil XII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 54zzzzr (Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   ‘- **32023 R 1329**: Rialachán (AE) 2023/1329 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 66).’

2. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 69 (Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún):

   ‘— **32023 R 1329**: Rialachán (AE) 2023/1329 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 66),

   — **32023 R 1428**: Rialachán (AE) 2023/1428 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2023 (IO L 175, 10.7.2023, lch. 6).’

*Airteagal 3*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2023/1329 agus (AE) 2023/1428 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 9 Nollaig 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Pascal SCHAFHAUSER

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.